

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 45

**Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde,
Nuálaíocht agus Eolaíocht**

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 45, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2021, faoi na socrúithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dítear barrachas €18.942 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclár 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Leithdháileadh costas

Soláthraíonn an Roinn Oideachais seirbhís chomhroinnte don Roinn seo le haghaidh roinnt feidhmeanna corparáideacha ar leithdháileadh aontaithe costas i bhfeidhm ina leith chun críocha cuntasaíochta. Níl aon sócmhainní seasta ag an Roinn seo, agus is faoi úinéireacht agus faoi rialú na Roinne Oideachais atá na sócmhainní a úsáideann an Roinn seo agus taifeadtar sa chuntas leithreasa do Vóta 26 iad. Cuireadh muirear dímheasa barúlach i bhfeidhm i nglanchaiteachas na Roinne Oideachais ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) chun an úsáid a bhaineann an Roinn seo as sócmhainní a léiriú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'obleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthuíl. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Ó bunaíodh in 2020 í, bhain an Roinn seo leas as socrú seirbhísí comhroinnte leis an Roinn Oideachais maidir le roinnt réimsí gnó agus corparáideacha. Ina measc sin tá acmhainní daonna, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, TFC, pleanáil caipitil, maoirseacht ar chaidrimh rialachais chorparáidigh le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, tacaíocht riaracháin do sholáthraithe oideachais agus oibriú feidhmeanna beartais idirnáisiúnta. Tá na socruithe mionsonraithe lena rialáítear na seirbhísí comhroinnte sin faoi réir próiseas comhfhobartha agus tá doiciméadacht agus comhaontuithe i bhfeidhm maidir le roinnt réimsí, lena n-áirítear: soláthar TFC agus soláthar seirbhísí comhroinnte don earnáil threasach; pleanáil caipitil; airgeadas; agus rialachas gníomhaireachta. Tá iniúchóireacht inmheánach agus comhairle dlí, a soláthraíodh roimhe seo ar bhonn seirbhísí comhroinnte, á soláthar go hinmheánach anois. Tá comhaontuithe lena gcumhdaítear na feidhmeanna seirbhíse comhroinnte atá fós gan réiteach beagnach tugtha chun críche.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte don Roinn seo freisin le haghaidh feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna.

Ó thaobh seirbhísí comhroinnte a fháil, bhí mé ag brath ar na rialuithe cuí a bheith á gcur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte araon. Glacaim dearbhú as an gcóras rialuithe mar a thuairiscigh gach Oifigeach Cuntasaíochta dom, mar atá leagtha amach sna litreacha dearbhaithe a sholáthair an dá eagraíocht.

Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí stáit atá faoi choimirce na Roinne seo, a fhaigheann tacaíocht ó rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne agus ar bhonn seirbhísí comhroinnte ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne Oideachais.

Ar an gcéad dul síos, tá an bord agus cathaoirleach an bhoird faoi seach freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn seo agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas

- an reachtaíocht lena mbuntacaítear leis an gcomhlacht
- an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus na harscríbhinní a ghabhann leis an gcód sin.

Oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena chinntiú go sásaítear na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus go bhfuil comhaontuithe láidre soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm i ngach comhlacht.

De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena chinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe a bhfuil teorainn ama leo nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den chód cleachtais chun ceanglais 'comhlíon nó mínigh' an chóid a shásamh.

De réir na gceanglas cóid, ceanglaítear ar na comhlachtaí faoi seach pleananna corparáideacha a ghlacadh chun comhlíonadh na straitéise a chlúdach ar bhonn ilbhliantúil. Is féidir na pleananna sin a úsáid chun straitéis chorparáideach agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

I rith 2022, lean an Roinn ar aghaidh le próiseas foirmiúil athbhreithnithe a chur i bhfeidhm, rud a bhfuil i gceist leis 'Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta' a chomhlánú. Rinneadh an t-athbhreithniú sin chun cabhrú le dearbhú maidir leis an méid a chloíonn na comhlachtaí neamhthráchtála atá faoi choimirce na Roinne le croí-chomhpháirteanna den chód cleachtais agus ag an am céanna dearbhuithe a sholáthar maidir leis an méid a bhíonn na comhlachtaí ag comhlíonadh oibleagáidí rialachais agus reachtúla a bhíonn ag athrú. Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ón bpróiseas sin freisin chun cur ar chumas na Roinne breithniú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige i leith cláir oibre rialachais sa todhchaí.

Laistigh den mhórearnáil oideachais, tá cóid chleachtais earnála atá ailínithe le creataí sonracha reachtacha agus rialála ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta i bhfeidhm. Tá an t-athchóiriú ar shocruithe rialachais institiúideacha laistigh den earnáil ardoideachais leagtha amach i mBille an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúcháireacht inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn, ar feidhm í ag a bhfuil pearsana atá oile go cuí agus a fhaigheann tacaíocht ó sholáthraí seirbhíse seachtrach, a oibríonn de réir cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre, agus is ar an anailís sin, atá ceadaithe agamsa, a bhunaítear a plean bliantúil iniúcháireachta.

Tá sé mar aidhm leis an bplean iniúcháireachta inmheánaí, a ndéanann an Coiste Iniúcháireachta Inmheánaí maoirseacht air agus a gceadaímse féin é, príomhrialuithe na Roinne a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Bhí cúig iniúchadh sceidealaithe le haghaidh 2022, ar cuireadh ceithre cinn díobh i gcrích in 2022. Cuireadh an ceann eile i gcrích go luath in 2023. Ag eascairt as na hiniúchtaí a rinneadh, cuireadh roinnt moltaí iniúchta i bhfeidhm chun rialuithe a neartú agus chun dearbhú níos fearr a sholáthar maidir leis an gcreat rialachais agus maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm laistigh den Roinn seo.

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta athbhreithniú córasach leanúnach a sholáthar ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais i ngach réimse gníomhaíochta a bhfuil an Roinn freagrach astu. Tacaíonn an Roinn seo leis an gCoiste Iniúcháireachta a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, urramaíonn sí a neamhspleáchas agus geallann sí acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dó chun cur ar chumas an Choiste Iniúcháireachta a fheidhmeanna a chomhlíonadh i gceart.

Ciste Sóisialta na hEorpa

Tá an Roinn seo freagrach as beartas agus bainistiú Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) in Éirinn. Próiseáiltear éilimh ar íocaíocht tríd an Roinn seo agus leithdháiltear iad ar chomhlachtaí éagsúla, agus cuid acu lasmuigh den Roinn seo.

Tá Údarás Iniúcháireachta CSE, ar rannóg é laistigh d'Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus AE na Roinne Oideachais, freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar an gciste agus tá sé neamhspleách go feidhmiúil ar Aonad Beartais agus Oibríochtaí CSE agus An Ciste Eorpach um Dhomhandú (CED) na Roinne seo agus ar Údaráis Bhainistíochta agus Deimhniúcháin CSE.

Feidhmíonn Údarás Iniúcháireachta CSE faoi údarás díreach an Aire Chaiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gcomhréir le téarmaí I.R. Uimh. 188/2017 agus i gcomhréir lena chairt scríofa féin.

Tuairiscíonn an tÚdarás Iniúcháireachta do Choiste Iniúcháireachta na Roinne agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chlár iniúcháireachta.

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi shé cinn de chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirínte maidir le conarthaí ar mó a luach ná €25,000 (gan CBL a áireamh) le linn 2022 ach amháin i gcás cúig chonradh arbh fhiú €582,025, mar atá leagtha amach thíos:

- bronnadh cúig chonradh le haghaidh TF agus tacaíocht tionscadail, idir luach idir €52,500 agus €155,400, faoi chreat-chomhaontú soláthraí amháin, a fuarthas ina dhiaidh sin a bheith neamhchomhlíontach. Ní dhámhfar conarthaí breise faoin gcreat-chomhaontú seo.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Roinn, ar córas é lena sainiúntear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm a chuidíonn leis an Ard-Rúnaí agus leis an mBord Bainistíochta freagrachtaí bainistíochta riosca na Roinne a chomhlíonadh.

Seoladh ríomhchlár láraithe rioscaí in 2022. Déantar na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne a thaifeadadh ar an gclár rioscaí agus déantar iad a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha. Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú foirmiúil ar an gclár rioscaí dhá uair in 2022.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh na príomhríoscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus chun tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Slándáil TFC

Tá TFC mar chuid den socrú seirbhíse comhroinnte atá i bhfeidhm leis an Roinn Oideachais agus, in 2021, shínigh an dá Roinn comhaontú ina leagtar amach an creat do sheirbhísí TFC a sholáthar.

Deimhníonn an Roinn Oideachais a tiomantas láidir do shlándáil na gcóras TFC agus cuireann sí prótacail éagsúla chibearshlándála agus bearta éagsúla cibearshlándála i bhfeidhm. Faigheann prótacail chibearshlándála tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus na Foirne Náisiúnta um Fhreagairt do Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus teagmhais. Ina theannta sin, faigheann an Roinn Oideachais tacaíocht ó shaineolas slándála ó roinnt eagraíochtaí slándála tríú páirtí.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2022 as ar eascair caillteanais is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Colm O'Reardon

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais

Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2023

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

An Ciste Náisiúnta Oiliúna

I gCaibidil 19 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2022, scrúdaítear iarmhéideanna carnacha agus úsáid an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2022.

Díscriobh cistiúcháin phoiblí

Nochtar i Nóta 6.3 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa gurb amhlaidh, i mí Lúnasa 2022, a fuair an Roinn ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun suim €116,715 a bhaineann le cistí poiblí míleithreasaithe a dhíscriobh. Sholáthair Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach agus Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman na cistí do Waterford Area Partnership CLG. D'eascair siad as ró-éileamh costas cíosa idir na blianta 2010 agus 2018, ach bhain Waterford Area Partnership CLG úsáid astu chun críocha eile riaracháin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Cuntas Leithreasa 2022

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Forbairt scileanna			
	<i>Bunaidh</i>	669,822		
	<i>Forlíontach</i>	32,142		
			701,964	695,003
				605,226
B	Ardoideachas			
	<i>Bunaidh</i>	2,087,421		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	37,200		
	<i>Forlíontach</i>	262,945		
			2,387,566	2,334,060
				2,139,954
C	Taighde, nuálaíocht agus eolaíocht			
	<i>Bunaidh</i>	254,940		
	<i>Forlíontach</i>	1,713		
			256,653	254,566
				262,656
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	3,012,183		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	37,200		
	<i>Forlíontach</i>	296,800		
			3,346,183	3,283,629
				3,007,836
	<i>Lúide</i>			
D	Leithreasáí-i-gcabhair			
	<i>Bunaidh</i>	76,304		
	<i>Forlíontach</i>	4,500		
			80,804	92,361
				128,974
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	2,935,879		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	37,200		
	<i>Forlíontach</i>	292,300		
			3,265,379	3,191,268
				2,878,862

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar aon leithreasaí neamhchaite ar sheirbhísí soláthair caipitiúil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €55.169 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil nár caitheadh ar aghaidh go 2023.

	2022	2021
	€	€
Barrachas	74,111,054	49,337,501
Géilleadh iarchurtha	(55,169,000)	(37,200,000)
Barrachas le géilleadh	18,942,054	12,137,501

Colm O'Reardon

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais

Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Costas an chláir	3,268,506	2,996,082
Pá	13,935	10,509
Neamhphá	1,188	1,245
Ollchaiteachas	3,283,629	3,007,836
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	92,361	128,974
Glanchaiteachas	3,191,268	2,878,862
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	2,629	
Laghdú ar fhardail	6	
	2,635	2,415
Caiteachas díreach	3,193,903	2,881,277
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	7,625	4,606
Measchíosanna	449	470
Glanhostas an chláir	3,201,977	2,886,353

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 45 a iompraíodh in áit eile.

	2022	2021
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	29	17
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	4,179	2,979
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	199	118
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	23	19
Vóta 20 An Garda Síochána	47	—
Vóta 26 Oideachas	3,066	1,410
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	37	31
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí	45	32
	7,625	4,606

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní caipitil		—	—
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.1	90,400	49,726
Fardail ^a		—	6
Réamhíocaíochtaí	2.2	6,103	7,191
Ioncam fabhraithe	2.3	771	759
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	294	502
Iomlán na sócmhainní reatha		97,568	58,184
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.5	3,576	2,023
Airgead AE lena dháileadh	2.6	32,143	11,290
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,170	999
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	57,381	37,939
Iomlán na ndliteanas reatha		94,270	52,251
Glansócmhainní reatha		3,298	5,933
Glansócmhainní		3,298	5,933
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	3,298	5,933

Nóta ^a Ón mbliain 2022 i leith, déantar míreanna ardtoirte íseal-luacha a chlárú ina n-iomláine mar speansas sa bhliain agus ní aicmítear mar mhíreanna fardail iad a thuilleadh.

2.1 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	90,400	49,726
	90,400	49,726

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (Campas Phort Láirge)	6,020	6,923
Scoláireachtaí ollscoile	—	186
Ríomh-Chomhdhlúthú CSE	25	35
Eile	58	47
	6,103	7,191

2.3 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó institiúidí ardoideachais	771	682
Eile	—	77
	771	759

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Íocaíochtaí gníomhaireachta	19	—
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	6	2
Párolla ar fionraí	—	254
Aistriú feidhmeanna	258	195
Scéim pas taistil	—	6
Forchúiteamh tuarastal ó ranna agus gníomhaireachtaí eile	11	45
	294	502

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Cláir chaipitil	3,386	1,765
Seirbhísí comhroinnte	108	249
Eile	82	9
	3,576	2,023

2.6 Airgead AE lena dháileadh

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
CSE PEIL 2014 – 2020	24,517	11,290
CSE EIST 2021 – 2027	7,626	—
	32,143	11,290

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	205	172
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	140	106
Muirear sóisialach uilíoch	43	34
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	66	84
Cáin bhreisluacha	378	537
Ranníocaíochtaí pinsin	28	65
Fáltas breise ón Státchiste	309	—
	1,170	999

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	18,942	12,138
Géilleadh iarchurtha	55,169	37,200
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(16,730)	(11,399)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	57,381	37,939
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	90,400	49,726
Iarmhéideanna dochair eile	294	502
	90,694	50,228
Creidiúnaithe		
Airgead AE lena dháileadh	(32,143)	(11,290)
Iarmhéideanna sochair eile	(1,170)	(999)
	(33,313)	(12,289)
	57,381	37,939

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2022	2021
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			5,933	8,348
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,265,379		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(18,942)		
Géilleadh iarchurtha		(55,169)		
Glanvóta			3,191,268	2,878,862
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		7,625	4,606
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		449	470
Glanchostas an chláir	1		(3,201,977)	(2,886,353)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			3,298	5,933

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda	2022	2021
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	896	167
Cláir deontas neamhchaipitil ^a	2,574,435	2,443,963
Cláir deontas caipitil ^b	835,030	889,635
Tionscadail chomhpháirtíochta próbháidí poiblí	1,376,259	672,976
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	4,786,620	4,006,741

Nótaí ^a Áirítear le ceangaltais i leith cláir deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

^b Baineann ceangaltais i leith cláir deontas caipitil le deontais a gheall an Roinn a dhéanamh le comhlachtaí atá faoina coimirce maidir le tionscadail chaipitil atá faoi fhorghoirseacht ag na comhlachtaí sin.

b) Mórchláir deontas caipitil

Cláir deontas caipitil a bhfuil caiteachas iomlán €10 milliún nó níos mó i gceist leo

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021	Caiteachas in 2022	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021
	€000	€000	€000	€000	€000
Ceangaltais eile na Roinne: caipiteal - foirgnimh					
B.16 – An Roinn Sláinte	13,500	3,500	—	17,000	17,000
Ospidéal Náisiúnta na Leanai					
Ceangaltais ghníomhaireacht a: caipiteal - foirgnimh					
B.16 ÚAO	2,840	8,448	12,712	24,000	24,000
Ollscoil Chathair BÁC, Foirgneamh Teic na Todhchaí					

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021	Caiteachas in 2022	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021
	€000	€000	€000	€000	€000
B.16 ÚAO	—	12,000	2,000	14,000	—
Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, Mol Acadúil Ghráinseach Ghormáin					
B.16 - ÚAO	8,910	6,090	—	15,000	15,000
Coláiste na Tríonóide, Foirgneamh E3					
B.16 - ÚAO	379	14,123	10,498	25,000	—
An Coláiste Ollscoil, BÁC, Foirgneamh Teic na Todhchaí					
Ceangaltais ghníomhaireacht a: caipiteal - taighde					
C.5.7 - ESO	14,130	4,272	12,267	30,669	27,523
An Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas					
C.3.1 - SFI	302,888	84,771	271,831	659,490	660,904
Fondúireacht Eolaíochta Éireann					
C.4.2 - SFI	30,510	12,136	60,938	103,584	103,584
Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Clár PhD					
Iomlán	373,157	145,340	370,246	888,743	848,011

Difríochtaí suntasacha

Tá míniú tugtha thíos ar chásanna inar athraigh an caiteachas iomlán ionchasach ar aon mhórhionscadal faoi níos mó ná €500,000 i gcomparáid le 2021.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Laghdú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.414 milliún

Baineann an laghdú foriomlán go príomha le coigilteas a tháinig chun cinn faoin gclár taighde ENABLE (€1.081 milliún) tar éis athbhreithniú ar iarratais a rinne an Comhlacht Taighde, Coláiste na Tríonóide, agus SFI. Fógraíodh coigilteas eile (€322,000) ar ráitis airgeadais chlár taighde iCrag tar éis don dámhachtain sin dul in éag i mí Lúnasa 2022. Cuireadh tús leis an gclár sin i mí Eanáir 2015.

An Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €3.146 milliún

Léiríonn an méadú seo an táille bhliantúil ballraíochta don Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas, rud a aithnítear mar cheangaltas ar bhonn bliantúil nuair a fhoilsítear na Meastacháin Athbhreithnithe bhliantúla.

Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tá oibleagáidí ar an Roinn faoi cheithre cinn de chonarthaí ar leith chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoin tsamhail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP).

Tá CPPanna ina socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliana, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

Déanann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an infheisteoir CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá eilimint atá san íocaíocht aonadach, eilimint costais sheasta agus eilimint inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-Mhíre.

Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

Ainm an tionscadail CPP ^a	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 €000	Caiteachas in 2022 €000	Ceangaltais is in- fhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis €000	Iomlán an tionscadail 2022 €000	Iomlán an tionscadail 2021 €000
Cearnóga Ghráinseach Ghormáin ^b	49,599	22,320	533,917	605,836	590,098
Beartán I HEIPPP	4,951	1,312	711,404	717,667	—
MTU - Scoil Cheoil Chorcaí	126,832	8,445	88,946	224,223	219,140
MTU - Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann	147,525	6,758	41,992	196,275	187,694
Iomlán	328,907	38,835	1,376,259	1,744,001	996,932

Nótaí ^a Baineann an caiteachas atá léirithe ag deireadh 2022 go príomha le híocaíochtaí caipitil, i.e., muirir aonadacha agus baineann an chuid eile le caiteachas ar an gclár CPP um Bonneagar Ardoideachais (Beartán 1 HEIPPP), lenar áiríodh costais seirbhísí gaolmhara eile. Tá caiteachas 2022 ar áireamh sa toradh iomlán €41.2 milliún d'fho-mhírcheann B.17 (costais Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí).

^b Rinneadh figiúr caiteachais na bliana roimhe sin agus iomlán an tionscadail a athlua suas (€4.562 milliún) chun costais socraíochta a bhaineann go príomha le hiarratais ar athrúchán agus le róchaiteachas costais de dheasca phaindéim Covid-19 a áireamh.

Difríochtaí suntasacha

Tá míniú tugtha thíos ar aon íocaíochtaí aonadacha ar ina leith a d'athraigh an caiteachas iomlán ionchasach faoi níos mó ná €500,000 i gcomparáid le 2021.

